# ELeathanach 461

Dé Máirt, an 11 Márta 2024

## Seachtain na Gaeilge




Tá na himeachtaí do Sheachtain na Gaeilge ag leanúint ar aghaidh an tseachtain seo. Dé Céadaoin, an 13 Márta, beidh Lá na gCiorcal ar siúl arís.

Ar Lá na gCiorcal, bíonn daoine ag freastal ar chiorcail chomhrá ar fud na tíre. Seans go mbeidh ciorcal comhrá amháin i ngach contae sa tír.





Tá níos mó eolais faoi Sheachtain na Gaeilge agus faoi na himeachtaí go léir ar fáil ar an suíomh [www.snag.ie](http://www.snag.ie)

Is iad Gráinne Seoige, Aindriú de Paor agus Kayleigh Trappe ambasadóirí Sheachtain na Gaeilge i mbliana. Ba mhúinteoir bunscoile í Kayleigh sular thosaigh sí ar TikTok.

Tugann Energia urraíocht do Sheachtain na Gaeilge.

## Na Gradaim Oscar





Bhí an searmanas Oscar ar siúl ar an 10 Márta i mbliana. Gan dabht, bhí lucht féachana mór aige agus gach duine ag súil leis an bhfaisean galánta a fheiceáil.

Bhuaigh Cillian Murphy an gradam don aisteoir is fearr agus dúirt sé go raibh sé an-bhródúil as. Is é an chéad fhear a rugadh in Éirinn a bhuaigh an gradam seo.

Ghabh Cillian buíochas leis na daoine eile a bhí páirteach sa scannán Oppenheimer ina óráid. Chomh maith, chríochnaigh sé an óráid le habairt Ghaeilge: "Go raibh míle maith agaibh".

Bhuaigh an scannán Oppenheimer seacht ngradam ar an iomlán.

## Dancing with the Stars

Beidh an babhta ceannais den chomórtas *Dancing with the Stars* ar siúl an deireadh seachtaine seo chugainn. Tá ceathrar fágtha sa chomórtas lena ndamhsóirí proifisiúnta.

Is iad David Whelan, Jason Smyth, Laura Fox agus Blu Hydrangea na hiomaitheoirí atá fós sa chomórtas.



Bhí an t-ádh ar David Whelan áit a fháil sa bhabhta ceannais. Bhí air damhsa arís Dé Domhnaigh i gcoinne Davy Russell. Roghnaigh na moltóirí David Whelan mar bhuaiteoir idir an bheirt acu agus a bpairtnéirí.


Ollscoil Mhá Nuad

Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,

Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta